# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**22 Nollaig 2022** || Eagrán 127

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**





# AN DR FEARGAL Ó BÉARRA (nach maireann)

Is údar mór bróin ar fud Chois Fharraige agus i measc mórphobal na Gaeilge é scéala báis Fheargail Uí Bhéarra a d'imigh ar shlí na fírinne ar an 21 Nollaig. Scoláire, scríbhneoir agus cumadóir amhrán ab ea é a bhfuil oidhreacht shaibhir á fhágáil aige in ainneoin an tsaoil róghearr a fuair sé. I mBoth Chuanna buailte ar an Spidéal a tógadh Feargal agus áirítear é ar dhuine de mhórscoláirí agus de mhórscríbhneoirí Gaeilge a linne. Scoláire agus taighdeoir ríchumasach ab ea é a raibh doimhin-eolas aige ar an Nua Ghaeilge mar aon leis an tSeanGhaeilge. D'fhoilsigh sé ábhar léannta i mórán réimsí agus chuir muintir Chois Fharraige suim ar leith san alt breá scolártha a foilsíodh in Cill Éinde - Céad Bliain faoi Naomh Éinde agus sa leabhar Máirtín Ó Cadhain: Téacsanna Teagaisc áit ar cuireadh taifeadadh nár chualathas riamh cheana de Mháirtín Ó Cadhain ag léamh as Cré na Cille in München sa nGearmáin sna seascaidí, ar fáil. Bhí ócáid an-bhreá sa Spidéal i dtús mhí Lúnasa an lá ar seoladh Mé Suibhne, i measc a mhuintire, a chomharsain agus a chairde. Bronnadh Gradam Uí Shúilleabháin do Leabhar Gaeilge na Bliana ar An Tromdhámh in 2019. Is athchóiriú an dá leabhar sin a rinne Feargal ar dhá scéal mhóra ón sean traidisiúin agus iad curtha in oiriúint aige do Ghaeilgeoirí na linne seo. Chaith sé tréimhsí mar léachtóir in ollscoileanna i nGaillimh, i Luimneach, sa nGearmáin, san Iorua, i gCeanada agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá. Sa mBruiséil a bhíodh sé ag obair mar aistritheoir le roinnt blianta anuas.

Déanann muid comhbhrón ó chroí lena bhean Meadhbh Nic Dhonnchadha, a chuid gasúir Aindrias, Saileog agus Piaras, a mháthair Sailí, a dhreatháireacha Mícheál, Éamonn, Dónal agus Ruairí agus a chuid cairde iomadúla. Suaimhneas síorraí go raibh aige.

# AN NOLLAIG I GCOLÁISTE CHOLMCILLE

Bhí atmaisféar na Nollag le braith go láidir sa scoil le seachtain nó dhó anuas agus na scoláirí gnóthach ag bácáil agus ag déanamh earraí deasa. Cuireadh deireadh le ceiliúradh na Nollag i gColáiste Cholmcille Dé Céadaoin le seó tallainne. Chuaigh ardchaighdeán tallainne chun stáitse. Chualathas neart amhrán Nollag, píosaí breátha ceoil chomh maith le éagsúlacht damhsa. Tá muid an-bhuíoch do Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga as ucht urraíocht a dhéanamh ar dhuaiseanna don seó. Bhronn Aoife Ní Chonghaile na duaiseanna ar na buaiteoirí sna catagóirí éagsúla. Guíonn Coláiste Cholmcille Nollaig Shona agus Bhliain Nua Mhaith ar Phobal Chois Fharraige.





# SCÉIM SÍOL: EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá Scéim Síol, de chuid Ealaín na Gaeltachta, oscailte do ghrúpaí agus do dhaoine aonair sna ceantair Gaeltachta le deis a thabhairt dóibh cothú agus forbairt a dhéanamh ar na healaíona sa Ghaeltacht. Tá sé i gceist go gcuirfidh an scéim Síol tacaíocht straitéiseach ar fáil le borradh a chur faoi na healaíona. San áireamh sna réimsí maoinithe tá tograí, imeachtaí agus féilte ealaíona, ceardlanna oiliúna sna healaíona, taispeántais, agus cúrsaí agus forbairt gairme. Tá uasmhéid maoinithe de €1,000 ar fáil tríd an scéim. Is féidir níos mó eolais a fháil ag www.ealain.ie

# FÉACH SIAR AR OIREACHTAS NA SAMHNA LE TG4


Beidh deis ag daoine breathnú siar ar imeachtaí iontacha an Oireachtais i rith na Nollag ar TG4. Ar Lá Nollag @ 12:25i.n. beidh Sceitse: An Liathróid Chriostail le feiceáil, agus craolfar Steip 2022 ina dhiaidh sin @ 4:25i.n. Cúpla lá ina dhiaidh sin, léireofar Steip na nÓg ar an 28 Nollaig @ 3:25i.n. agus Corn Uí Riada dhá lá níos déanaí, ar an 30 Nollaig @ 7:15i.n.  San athbhliain, ar an 4 Eanáir, léireofar Cúl Stáitse @ 8:30i.n. agus beidh deis Sceitse: An Tórramh a fheiceáil faoi dhó - 1 Eanáir @ 7:45i.n. agus ar an 8 Eanáir @ 12:40i.n. Bainigí sult astu!


# COIS FHARRAIGE AR RAIDIÓ NA GAELTACHTA FAOI NOLLAIG

Craolfar ceolchoirm uair an chloig ar fhad de chuid Taisce Chois Fharraige ar RTÉ Raidió na Gaeltachta Oíche Nollag ag 8.00 i.n. Beidh Ceoltóirí Óga Chois Fharraige, Banna Ceoil Loch Lurgan, Domhnall Ó Braonáin, Muintir Lennon, Muintir Uí Fhátharta, Muintir Uí Neachtain, Johhny Óg Connolly agus neart eile i measc na bhfonnadóirí agus na n-amhránaithe.
Is ó Chill Éinde sa Spidéal a chraolfar Aifreann Lá Nollag ag 11.00 r.n.

# DIARMUID AGUS AN MATA DRAÍOCHTA


Tá leabhar nua foilsithe ag Ciarán Mac Fhearghusa darbh ainm 'Diarmuid agus an Mata Yoga Draíochta san Astráil'. Is múinteoir ióga agus aireachais é Ciarán. Tá cáilíocht sa mhúinteoireacht ag Ciarán, agus chaith sé bliain san India i mbun staidéir ar chúrsaí ióga. Bhunaigh Ciarán an comhlacht Óga Yoga sa bhliain 2012 agus tá breis is 25,000 dalta bunscoile múinte aige ó shin. Insíonn an leabhar scéal Dhiarmuid ar bhealach taitneamhach agus cruthaitheach le ióga, gluaiseachtaí coirp agus oideachas. Le dul leis an leabhar, tá cártaí íoga cruthaithe ag Ciarán a léiríonn eolas maidir leis na geáitsí ióga agus an cúlra a bhaineann leo. Chomh maith le sin, tá leabhar dathúcháin le 27 maisiúcháin ghleoite a théan leis an scéal. Is féidir an leabhar a cheannach ag Cló Iar-Chonnacht, sa Spidéal.



# GREAMÁIN GHAEILGE AR LÍNE

Tá greamáin áille ar fáil, saor in aisce, ón suíomh idirlín 'www.connectthedotsdesign.com' Tá rogha iontach ar fáil do ghreamáin ildaite a bheadh an-fheiliúnach don seomra ranga, don ionad cúram leanaí nó ag abaile fiú! Is iomaí frása deas atá ar na greamáin ar nós: "Obair iontach", "Ar fheabhas" agus "Iarracht Iontach". Cuirtear an leagan digiteach ar fáil saor in aisce agus ní mór iad a phriondáil tú féin.



# FOLÚNTAS AG FÍBÍN SA TAIBHDHEARC

Tá post mar stiúrthóir ealaíne fógartha ag Fíbín. Duine spreagúil, fuinniúil agus thar a bheith eagraithe atá á lorg, a bhfuil taithí acu ar léiriú drámaí (taithí 10 mbliana ar a laghad), chun ról Stiúrthóir Ealaíne "Fíbín sa Taibhdhearc" agus níos faide anonn, a chomhlíonadh. Díreofar ar amharclannaíocht nua, láidir a chruthú, daoine oillte a dhéanfaidh a ndícheall ar son na cruthaitheachta sa Ghaeilge chomh maith le lucht féachana níos leithne le rannpháirtíocht níos mó a mhealladh. Le cur isteach ar an bpost, is féidir CV mar aon le litir chumhdaigh a sheoladh chuig eolas@fibin.com. Glacfar le hiarratais go dtí 26 Eanáir 2023.

# BONN ÓIR DO CHLUB IOMÁNAÍOCHTA BEARNA NA FORBACHA

Comhghairdeachas le Club Iománaíochta Bhearna/Na Forbacha ar éirigh leo bonn óir a bhaint amach i bhFondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha i mbliana. Níor bhain ach 3 chlub sa tír ar fad an éacht seo amach i mbliana! Ba lá thar a bheith bródúil é don chlub agus dá bhaill mar léiríonn an bonn seo an obair chrua agus an díograis a thugann an club don Ghaeilge. Aithníodh an iarracht iontach atá déanta ag an gClub leis an Ghaeilge a chur chun cinn ó thaobh traenáil, imeachtaí agus ócáidí sóisialta a bhíonn á reáchtáil acu.

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha



# CROÍLÍNE CHOIS FHARRAIGE RITH-SPRAOI 5K BLIANTÚIL

**Fógraíodh le gairid go mbeidh An Rás Spraoi, de chuid Chroílíne Chois Fharraige ar ais arís i mbliana, 'théis 3 bliana dímhaointais, de bharr na paindéime. Is as an rás seo is mó a thagann an t-airgead a bhíonn ag an eagraíocht le tacaíocht a thabhairt don obair a bhíonn ar siúl ann. Tá Croílíne Chois Fharraige ar an bhfód ó 2013. Bunaíodh é lena cinntiú go mbeifí in ann freastal go pras agus go héifeachtach ar chásanna den Staid Cairdiach Tobann sa gceantar. Fágann flaithiúlacht an phobail go bhfuil 13 dífhibrileoir idir na Forbacha agus Ros a Mhíl faoi seo agus go bhfuil ranganna CPR á soláthar. Ar sin tá cothú a dhéanamh ar na dífhibrileoir atá i bhfearas idir na Forbacha agus Ros a Mhíl – céallraí agus pillíní a choineáil iontu, maraon le boscaí téite, síondíonacha a chur ina dtimpeall. Ceadaíonn an t-airgead seo freisin dóibh ranganna CPR a chur ar fáil don phobal. Reachtáileadh 10 gcúrsa den chineál sin i 2022 ag teagascóirí a bhíonn ag obair go deonach. Is féidir clárú don Rás i gColáiste Chroí Mhuire ag 11:30 an 27ú Nollaig (tosú ag 12:30). €20 an táille ar theaghlach; €10 ar dhaoine fásta agus €5 ar ghasúir. Is féidir rith, sodar nó é a shiúl ar do rogha luas. Is féidir níos mó eolais a fháil faoin imeacht ar chuntas Facebook Croílíne Chois Fharraige.**





# SCRÍBHNEOIRÍ ÓGA CHOIS FHARRAIGE I MBAILE ÁTHA CLIATH

Bhí lá mór ag na scriptscríbhneoirí óga ón gcúrsa Claochlú i mBaile Átha Cliath le gairid. Thug siad cuairt ar lárionad Fighting Words, áit ar chas siad le Seán Love, an príomhfheidhmeannach. Rinne siad ceardlann ceamaradóireachta le Cathal Watters, seisiún lena gcuid scéalta a chur i láthair le Seán Farrelly agus Lena Byrne, ansin síos lasta ag an IFI leis an scannán 'Aftersun' a fheiceáil, dinnéar agus comhrá le Kevin Coyne, an cláraitheoir pictiúrlainne. Lá iontach a bhí ann!





Claochlú

Déagóirí á gcumasú le scéalta nua a chruthú



# COMÓRTAS COMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA & MEAS MEDIA

Tá comórtas iontach á reáchtáil ag Comhar Naíonraí na Gaeltachta agus Meas Media. Tá dearbhán €1,000 do Centre Parcs (An Longfort) le buachan! Tá an comórtas á reáchtáil ar Facebook. Le cur isteach ar an gcomórtas níl le déanamh ach an postáil a roinnt, 'Like' a thabhairt dó, agus trácht a fhágáil faoi! Roghnófar buaiteoir ar an 23ú Nollaig!


Beannachtaí na Nollag oraibh ar fad.
ó
Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga
COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga